RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/419 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Márta 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 maidir le plandaí áirithe a bhfuiltear lena gcur de *Jasminum polyanthum* Franchet de thionscnamh Iosrael agus lena n-oiriúnaítear cóid Ainmníochta Comhcheangailte le haghaidh *Ullucus tuberosus* agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 a mhéid a bhaineann leis na bearta fíteashláintíochta chun na plandaí sin a bhfuiltear lena gcur a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 42(3) agus an chéad fhomhír agus an tríú fomhír d'Airteagal 42(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún ([2]) liosta plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a mbaineann ardriosca leo de réir bhrí Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2016/2031.

(2) Leagtar síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2018 ón gCoimisiún ([3]) rialacha sonracha maidir leis an nós imeachta atá le leanúint chun an measúnú riosca dá dtagraítear in Airteagal 42(4) de Rialachán (AE) 2016/2031 a dhéanamh ar na plandaí, táirgí plandaí agus réada eile sin a mbaineann ardriosca leo.

(3) Tar éis réamh-mheasúnú a dhéanamh, áiríodh 35 phlanda a bhfuiltear lena gcur de thionscnamh gach tríú tír san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 mar phlandaí a mbaineann ardriosca leo, agus tá an géineas *Jasminum* L. ar cheann acu.

(4) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/2031, má fhaightear ina leith, bunaithe ar mheasúnú riosca, go mbaineann riosca lotnaidí do-ghlactha le planda, táirge planda nó réad eile de thionscnamh tríú tír, grúpa de thríú tíortha nó limistéar sonrach den tríú tír lena mbaineann, ach go bhféadfaí an riosca sin a laghdú go leibhéal inghlactha trí bhearta áirithe a chur i bhfeidhm, ní mór don Choimisiún an planda, an táirge planda nó an réad eile sin a bhaint den liosta a bunaíodh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 agus é a chur leis an liosta dá dtagraítear in Airteagal 41(2) de Rialachán (AE) 2016/2031.

(5) Ina theannta sin, leagtar amach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 ón gCoimisiún ([4]) na bearta fíteashláintíochta maidir le plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a baineadh den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais.

(6) An 25 Meán Fómhair 2019, chuir Iosrael iarratas faoi bhráid an Choimisiúin maidir le gearrthóga gan fréamhacha de phlandaí a bhfuiltear lena gcur de chuid *Jasminum polynathum* Franchet ("na plandaí sonraithe") a onnmhairiú chuig an Aontas. Cuireadh an sainchomhad teicniúil lena mbaineann isteach leis.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 lena mbunaítear liosta sealadach plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a mbaineann ardriosca leo de réir bhrí Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2016/2031 agus liosta plandaí nach bhfuil deimhnithe fíteashláintíochta ag teastáil ina leith lena dtabhairt isteach san Aontas, de réir bhrí Airteagal 73 den Rialachán sin (IO L 323, 19.12.2018, lch. 10).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2018 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir leis an nós imeachta atá le leanúint chun an measúnú riosca a dhéanamh ar phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile a mbaineann ardriosca leo de réir bhrí Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 323, 19.12.2018, lch. 7).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 ón gCoimisiún an 21 Lúnasa 2020 maidir leis na bearta fíteashláintíochta chun plandaí, táirgí plandaí agus réada eile a baineadh den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 a thabhairt isteach san Aontas (IO L 275, 24.8.2020, lch. 5).

(7) An 12 Lúnasa 2020, d'fhoilsigh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") tuairim eolaíoch maidir leis an measúnú riosca tráchtearraí ar phlandaí *Jasminum polyanthum* a bhfuiltear lena gcur de thionscnamh Iosrael ([5]). Shainaithin an tÚdarás *Scirtothrips dorsalis*, *Aonidiella orientalis*, *Milviscutulus mangiferae*, *Paracoccus marginatus*, *Pulvinaria psidii* agus *Colletotrichum siamense* ("na lotnaidí sonraithe") mar lotnaidí atá ábhartha maidir leis na plandaí sin a bhfuiltear lena gcur, rinne sé meastóireacht ar na bearta maolaithe riosca faoina ndéantar tuairisc sa sainchomhad i dtaca leis na lotnaidí sin agus rinne sé meastachán ar an dóchúlacht atá ann go mbeadh siad saor ó lotnaidí.

(8) Ar bhonn na tuairime sin, meastar go bhfuil an riosca físeashláintíochta ó thabhairt isteach i gcríoch an Aontais laghdaithe go leibhéal inghlactha i dtaca le gearrthóga gan fréamhacha de phlandaí a bhfuiltear lena gcur de *Jasminum polyanthum* Franchet, de thionscnamh Iosrael, ar choinníoll go gcuirtear i bhfeidhm bearta maolaithe iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar an riosca lotnaidí a bhaineann leis na plandaí sin a bhfuiltear lena gcur.

(9) Áirithítear leis na bearta sin a glacadh mar cheanglais físeashláintíochta maidir le hallmhairiú, cosaint físeashláintíochta chríoch an Aontais ar thabhairt isteach na bplandaí sonraithe sin inti. Dá bhrí sin, níor cheart gearrthóga gan fréamhacha de phlandaí a bhfuiltear lena gcur de *Jasminum polyanthum* de thionscnamh Iosrael a mheas a thuilleadh gur plandaí iad a mbaineann ardriosca leo, agus ba cheart iad a bhaint den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019.

(10) Na bearta a ndéanann Iosrael tuairisc orthu sa sainchomhad, meastar gur leor iad chun an riosca a laghdú maidir le tabhairt isteach na bplandaí sonraithe i gcríoch an Aontais go leibhéal inghlactha. Dá bhrí sin, ba cheart na bearta arna nglacadh leis an Rialachán sin a bheith bunaithe ar na bearta sin a ndéanann Iosrael cur síos orthu sa sainchomhad.

(11) Tá *Scirtothrips dorsalis* liostaithe mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([6]). Níl *Aonidiella orientalis, Milviscutulus mangiferae, Paracoccus marginatus, Pulvinaria psidii* agus *Colletotrichum siamense* ar liosta lotnaidí coraintín an Aontais de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 fós, ach d'fhéadfaidís na coinníollacha a chomhlíonadh le bheith san áireamh tar éis measúnú riosca iomlán breise a dhéanamh. Ar an gcúis sin, tá gá le bearta físeashláintíochta i dtaca leis na lotnaidí sin, go dtí go ndéanfar measúnú iomlán.

(12) Ba cheart dá bhrí sin, Iarscríbhinn nua a chur in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213, chun na bearta físeashláintíochta sin a áireamh.

(13) Ba cheart a áireamh inti freisin athliostú na bplandaí, na dtáirgí plandaí agus na réad eile lena mbaineann in ord aibítre, chun inléiteacht an liosta sin a éascú.

(14) Léiríodh leis an taithí a fuarthas leis na rialuithe allmhairiúcháin tar éis dháta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2018/2019 go bhfuil gá le roinnt cód sa bhreis ón Ainmníocht Chomhcheangailte (AC) a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle ([7]) a áireamh i bpointe 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin chun na tráchtearraí uile a thrádáiltear mar phlandaí *Ullucus tuberosus* a chumhdach. Ba cheart, dá bhrí sin, an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 a leasú dá réir.

(15) Chun oibleagáidí an Aontais a eascraíonn as Comhaontú na hEagraíochta Trádála Domhanda maidir le cur i bhfeidhm bearta sláintíochta agus físeashláintíochta a chomhlíonadh, ba cheart go leanfaí ar aghaidh le hallmhairiú na dtráchtearraí sin a luaithe is féidir.

(16) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

---

([5]) Painéal EFSA PLH (An Painéal um Shláinte Plandaí de chuid EFSA), Tuairim Eolaíoch ar an measúnú riosca tráchtearraí ar phlandaí *Jasminum polyanthum* de thionscnamh Iosrael. [Iris EFSA] 2020;18(8):6225, 78 lgh. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2020.6225.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

([7]) Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim (IO L 256, 7.9.1987, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9 Márta 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 mar a leanas:

(a) i bpointe 1, sa dara colún "Tuairisc", cuirtear na focail "*Jasminum* L., seachas gearrthóga gan fréamhacha de phlandaí a bhfuiltear lena gcur de *Jasminum polyanthum* Franchet de thionscnamh Iosrael" in ionad "*Jasminum* L.";

(b) i bpointe 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

"Cód AC	Tuairisc
ex 0601 10 90	*Ullucus tuberosus* Loz."
ex 0601 20 90	
ex 0604 20 90	
ex 0714 90 20	
ex 1209 91 80	
ex 1404 90 00	

IARSCRÍBHINN II

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213:

"IARSCRÍBHINN

Liosta plandaí, táirgí plandaí agus réad eile, de thionscnamh tríú tíortha, agus na bearta comhfhreagracha chun iad a thabhairt isteach i gcríoch an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 2

Plandaí, táirgí plandaí nó réada eile	Cód AC	Tríú tíortha tionscnaimh	Bearta
Acer japonicum Thunberg, *Acer palmatum* Thunberg agus *Acer shirasawanum* Koidzumi, iad fréamhlom, suanach, gan duilleoga, beangaithe nó a bhfuil bachlóga orthu, agus iad ina bplandaí a bhfuiltear lena gcur atá 1 go 3 bliana d'aois	ex 0602 90 41 ex 0602 90 45 ex 0602 90 46 ex 0602 90 48 ex 0602 90 50	An Nua-Shéalainn	(a) Ráiteas oifigiúil ina ndeirtear: (i) go bhfuil na plandaí saor ó *Eotetranychus sexmaculatus*; (ii) gur fásadh na plandaí ar feadh a saoil i láthair tháirgthe atá cláraithe agus a bhfuil na láithreáin táirgthe atá ina gcuid di cláraithe agus faoi mhaoirseacht ag eagraíocht náisiúnta cosanta plandaí na tíre tionscnaimh; (iii) nár aimsíodh *Eotetranychus sexmaculatus* sa láithreán táirgthe le linn cigireachtaí oifigiúla a rinneadh ag amanna iomchuí, ó thús thimthriall táirgthe na bplandaí; i gcás ina raibh amhras faoi *Eotetranychus sexmaculatus* sa láithreán táirgthe, go ndearnadh cóireálacha iomchuí lena áirithiú nárbh ann don lotnaid; go ndearnadh crios 100 m a shuí thart timpeall, atá faoi réir suirbhéanna sonracha ag amanna iomchuí chun *Eotetranychus sexmaculatus* a aimsiú agus i gcás inar aimsíodh an lotnaid ar aon phlandaí óstacha, gur baineadh na plandaí sin óna bhfréamh agus gur scriosadh iad láithreach; (iv) gur cuireadh córas i bhfeidhm lena áirithiú gur glanadh na huirlisí agus an t-innealra le bheith saor ó ithir agus ó bhruscar plandaí agus go ndearnadh iad a dhíghalrú le bheith saor ó *Eotetranychus sexmaculatus*, sular tugadh isteach sa láithreán táirgthe iad; (v) tráth na buainte, go ndearnadh na plandaí a ghlanadh agus a bhearradh agus go ndearnadh cigireacht oifigiúil físeashláintíochta orthu a raibh ar a laghad scrúdú amhairc mionsonraithe ina chuid di, go háirithe ar ghais agus ar bhrainsí na bplandaí chun a áirithiú nárbh ann do *Eotetranychus sexmaculatus*; (vi) go díreach sula ndearnadh onnmhairiú, go raibh na coinsíneachtaí plandaí faoi réir cigireacht oifigiúil chun *Eotetranychus sexmaculatus* a aimsiú, go háirithe ar ghais agus ar bhrainsí na bplandaí, agus gur leor méid an tsampla chun leibhéal inmhíolaithe 1 % ar a laghad a bhrath ar leibhéal muiníne 99 %;

			(b) go n-áirítear i ndeimhnithe fíteashláintíochta na bplandaí sin faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise': (i) an ráiteas seo a leanas: 'Comhlíonann an choinsíneacht Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1362 ón gCoimisiún'; (ii) sonraíocht na láithreán táirgthe cláraithe.
Acer japonicum Thunberg, *Acer palmatum* Thunberg agus *Acer shirasawanum* Koidzumi, iad fréamhlom, suanach, gan duilleoga, beangaithe nó a bhfuil bachlóga orthu, agus iad ina bplandaí a bhfuiltear lena gcur atá 1 go 3 bliana d'aois	ex 0602 90 41 ex 0602 90 45 ex 0602 90 46 ex 0602 90 48 ex 0602 90 50	An Nua-Shéalainn	(a) Ráiteas oifigiúil ina ndeirtear: (i) go bhfuil na plandaí saor ó *Oemona hirta* agus *Platypus apicalis*; (ii) gur fásadh na plandaí ar feadh a saoil i láthair tháirgthe atá cláraithe agus a bhfuil na láithreáin táirgthe atá ina gcuid di cláraithe agus faoi mhaoirseacht ag eagraíocht náisiúnta cosanta plandaí na tíre tionscnaimh; (iii) nár aimsíodh *Oemona hirta* agus *Platypus apicalis* sa láithreán táirgthe le linn cigireachtaí oifigiúla a rinneadh ag amanna iomchuí, ó thús thimthriall táirgthe na bplandaí; i gcás ina raibh amhras faoi *Oemona hirta* nó *Platypus apicalis Eotetranychus sexmaculatus* sa láithreán táirgthe, go ndearnadh cóireálacha iomchuí lena áirithiú nárbh ann do na lotnaidí; (iv) tráth na buainte, go ndearnadh na plandaí a ghlanadh agus go ndearnadh cigireacht oifigiúil orthu lena dheimhniú nach ann do *Oemona hirta* agus *Platypus apicalis*; (v) go díreach sula ndearnadh onnmhairiú, go raibh na coinsíneachtaí plandaí faoi réir cigireacht oifigiúil chun *Oemona hirta* agus *Platypus apicalis* a aimsiú agus gur leor méid an tsampla chun leibhéal inmhíolaithe 1 % ar a laghad a bhrath ar leibhéal muiníne 99 %; (b) go n-áirítear i ndeimhnithe fíteashláintíochta na bplandaí sin faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise': (i) an ráiteas seo a leanas: 'Comhlíonann an choinsíneacht Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1362 ón gCoimisiún'; (ii) sonraíocht na láithreán táirgthe cláraithe.
Albizia julibrissin Durazzini, iad ina bplandaí fréamhloma suanacha beagnaithe a bhfuiltear lena gcur, ag a bhfuil trastomhas uasta 2,5 cm	ex 0602 90 41 ex 0602 90 45 ex 0602 90 46 ex 0602 90 48	Iosrael	(a) Ráiteas oifigiúil ina ndeirtear: (i) go bhfuil na plandaí saor ó *Euwallacea fornicatus sensu lato* agus *Fusarium euwallaceae*; (ii) gur fásadh na plandaí ar feadh a saoil i láthair tháirgthe atá cláraithe agus faoi mhaoirseacht ag eagraíocht náisiúnta cosanta plandaí na tíre tionscnaimh. Tá na láithreáin táirgthe faoi seach laistigh den láthair tháirgthe san áireamh sa chlárúchán sin; (iii) go gcomhlíonann na plandaí ceann amháin de na ceanglais seo a leanas: 1. go bhfuil trastomhas na bplandaí níos lú ná 2 cm ag bonn an ghais nó

			2. gur fásadh na plandaí ar feadh 6 mhí ar a laghad i láithreán a bhfuil cosaint fhisiceach iomlán aige ar thabhairt isteach *Euwallacea fornicatus sensu lato* sula ndearnadh onnmhairiú, láithreán atá faoi réir cigireachtaí oifigiúla ag amanna iomchuí agus nár aimsíodh an lotnaid ann, agus gur deimhníodh é sin le gaiscí a sheiceáiltear gach 4 seachtaine ar a laghad, agus go ndearnadh an tseiceáil freisin díreach sular bogadh iad, nó 3. gur fásadh na plandaí i láithreán táirgthe nár aimsíodh *Euwallacea fornicatus sensu lato* agus *Fusarium euwallacea* ann ó thús an timthrialla iomláin deiridh fásra, agus ar a ndearnadh deimhniú i dtaca le *Euwallacea fornicatus sensu lato*, ar a laghad le gaiscí, le linn cigireachtaí oifigiúla a rinneadh gach 4 seachtaine ar a laghad; i gcás ina raibh amhras faoi cheachtar de na lotnaidí sa láithreán táirgthe, go ndearnadh cóireálacha iomchuí lena áirithiú nárbh ann do na lotnaidí; go ndearnadh crios 1 km a shuí thart timpeall, a ndéantar monatóireacht air ag amanna iomchuí chun *Euwallacea fornicatus sensu lato* agus *Fusarium euwallaceae* a aimsiú agus i gcás ina n-aimsítear ceachtar de na lotnaidí sin ar aon phlandaí óstacha, nach mór na plandaí sin a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach; (iv) díreach sula ndearnadh onnmhairiú, go raibh na coinsíneachtaí plandaí a bhfuil trastomhas 2 cm nó os a chionn sin ar bhonn an ghais acu, faoi cigireacht oifigiúil chun an lotnaid a aimsiú, go háirithe ar ghais agus ar bhrainsí na bplandaí, lena n-áirítear trí shampláil dhíobhálach. Beidh méid an tsampla a bhfuil cigireacht le déanamh air leordhóthanach chun leibhéal inmhíolaithe 1 % ar a laghad a bhrath ar leibhéal muiníne 99 %; (b) áirítear i ndeimhnithe físeashláintíochta na bplandaí sin faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise': (i) an ráiteas seo a leanas: 'Comhlíonann an choinsíneacht forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 ón gCoimisiún'; (ii) sonraíocht maidir leis an méid seo a leanas: — cén ceanglas faoi phointe (a) (iii) den iontráil seo atá comhlíonta, agus — na láithreáin táirgthe chláraithe nó an láithreán táirgthe cláraithe.
Albizia julibrissin Durazzini, iad ina bplandaí fréamhloma suanacha beagnaithe a bhfuiltear lena gcur, ag a bhfuil trastomhas uasta 2,5 cm	ex 0602 90 41 ex 0602 90 45 ex 0602 90 46 ex 0602 90 48	Iosrael	(a) Ráiteas oifigiúil ina ndeirtear: (i) go bhfuil na plandaí saor ó *Aonidiella orientalis*; (ii) gur fásadh na plandaí ar feadh a saoil i láthair tháirgthe atá cláraithe agus faoi mhaoirseacht ag eagraíocht náisiúnta cosanta plandaí na tíre tionscnaimh. Tá na láithreáin táirgthe faoi seach

			laistigh den láthair tháirgthe san áireamh sa chlárúchán sin. Tá ceann de na ceanglais seo a leanas comhlíonta ag an láthair tháirgthe freisin: 1. sula ndearnadh onnmhairiú, gur fásadh na plandaí ar feadh 6 mhí ar a laghad i láithreán a bhfuil cosaint fhisiceach iomlán aige ar thabhairt isteach *Aonidiella orientalis,* agus go raibh an láithreán faoi réir cigireachtaí oifigiúla gach 3 seachtaine agus nár aimsíodh an lotnaid ann, agus go raibh sé saor ón lotnaid díreach sular bogadh iad freisin, nó 2. nár aimsíodh *Aonidiella orientalis* sa láithreán le linn cigireachtaí oifigiúla a rinneadh gach 3 seachtaine ó thús an timthrialla iomláin deiridh fásra; i gcás ina raibh amhras faoi cheachtar de na lotnaidí sa láithreán táirgthe, go ndearnadh cóireálacha iomchuí in aghaidh na lotnaide lena áirithiú nach ann di; go ndearnadh crios 100 m a shuí thart timpeall, a ndéantar monatóireacht air ag amanna iomchuí chun *Aonidiella orientalis* a aimsiú agus i gcás ina n-aimsítear an lotnaid ar aon phlanda, ba cheart na plandaí sin a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach; (iii) díreach sula ndearnadh onnmhairiú, go raibh na coinsíneachtaí plandaí faoi réir cigireacht oifigiúil chun *Aonidiella orientalis* a aimsiú, go háirithe ar ghais agus ar bhrainsí na bplandaí. Beidh méid an tsampla a bhfuil cigireacht le déanamh air leordhóthanach chun leibhéal inmhíolaithe 1 % ar a laghad a bhrath ar leibhéal muiníne 99 %; (b) go n-áirítear i ndeimhnithe físeashláintíochta na bplandaí sin faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise': (i) an ráiteas seo a leanas: 'Comhlíonann an choinsíneacht forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 ón gCoimisiún'; (ii) sonraíocht maidir leis an méid seo a leanas: — cén ceanglas de phointe (a) (ii) den iontráil seo atá comhlíonta, agus — na láithreáin táirgthe chláraithe nó an láithreán táirgthe cláraithe.
Jasminum polyanthum Franchet, iad ina ngearrthóga de phlandaí a bhfuiltear lena gcur	ex 0602 10 90	Iosrael	(a) Ráiteas oifigiúil ina ndeirtear: (i) go bhfuil na plandaí saor ó *Scirtothrips dorsalis, Aonidiella orientalis, Milviscutulus mangiferae, Paracoccus marginatus, Pulvinaria psidii* agus *Colletotrichum siamense*;

			(ii) gur fásadh na plandaí ar feadh a saoil i láthair tháirgthe atá cláraithe agus a bhfuil na láithreáin táirgthe atá ina gcuid di cláraithe agus faoi mhaoirseacht ag eagraíocht náisiúnta cosanta plandaí na tíre tionscnaimh; (iii) gur fásadh na plandaí i láithreán a bhfuil cosaint fhisiceach aige ar thabhairt isteach *Scirtothrips dorsalis, Aonidiella orientalis, Milviscutulus mangiferae, Paracoccus marginatus, Pulvinaria psidii*; (iv) go raibh an láithreán táirgthe faoi réir cigireachtaí oifigiúla chun *Scirtothrips dorsalis, Aonidiella orientalis, Milviscutulus mangiferae, Paracoccus marginatus, Pulvinaria psidii*, agus *Colletotrichum siamense* a aimsiú ann agus go ndearnadh na cigireachtaí sin gach 3 seachtaine agus nár aimsíodh na lotnaidí sin ann; (v) go díreach sula ndearnadh onnmhairiú, go raibh na coinsíneachtaí plandaí faoi réir cigireacht oifigiúil chun *Scirtothrips dorsalis, Aonidiella orientalis, Milviscutulus mangiferae, Paracoccus marginatus,* agus *Pulvinaria psidii* a aimsiú agus go raibh an sampla ar a laghad ar mhéid leordhóthanach chun leibhéal inmhíolaithe 1 % a bhrath ar leibhéal muiníne 99 %, agus go raibh siad faoi réir cigireacht oifigiúil chun *Colletotrichum siamense* a aimsiú, lena n-airítear trí thástáil a dhéanamh ar phlandaí a raibh siomptóim orthu; (b) go n-áirítear i ndeimhnithe fíteashláintíochta na bplandaí sin faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise': (i) an ráiteas seo a leanas: 'Comhlíonann an choinsíneacht Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/419 ón gCoimisiún'; agus (ii) sonraíocht na láithreán táirgthe cláraithe.
Robinia pseudoacacia, iad ina bplandaí fréamhloma, suanacha beagnaithe a bhfuiltear lena gcur, ag a bhfuil trastomhas uasta 2,5 cm	ex 0602 90 41 ex 0602 90 45 ex 0602 90 46 ex 0602 90 48	Iosrael	(a) Ráiteas oifigiúil ina ndeirtear: (i) go bhfuil na plandaí saor ó *Euwallacea fornicatus sensu lato* agus *Fusarium euwallaceae*; (ii) gur fásadh na plandaí ar feadh a saoil i láthair tháirgthe atá cláraithe agus faoi mhaoirseacht ag eagraíocht náisiúnta cosanta plandaí na tíre tionscnaimh. Tá na láithreáin táirgthe faoi seach laistigh den láthair tháirgthe san áireamh sa chlárúchán sin; (iii) go gcomhlíonann na plandaí ceann amháin de na ceanglais seo a leanas: 1. go bhfuil trastomhas na bplandaí níos lú ná 2 cm ag bonn an ghais nó 2. gur fásadh na plandaí ar feadh 6 mhí ar a laghad i láithreán a bhfuil cosaint fhisiceach iomlán aige ar thabhairt isteach *Euwallacea fornicatus sensu lato* sula ndearnadh onnmhairiú, láithreán atá faoi réir cigireachtaí oifigiúla ag amanna iomchuí

			agus nár aimsíodh an lotnaid ann, agus gur deimhníodh é sin le gaiscí a sheiceáiltear gach 4 seachtaine ar a laghad, agus go ndearnadh an tseiceáil freisin díreach sular bogadh iad, nó 3. gur fásadh na plandaí i láithreán táirgthe nár aimsíodh *Euwallacea fornicatus sensu lato* agus *Fusarium euwallacea* ann ó thús an timthrialla iomláin deiridh fásra, agus ar a ndearnadh deimhniú i dtaca le *Euwallacea fornicatus sensu lato*, ar a laghad le gaiscí, le linn cigireachtaí oifigiúla a rinneadh gach 4 seachtaine ar a laghad; i gcás ina raibh amhras faoi cheachtar de na lotnaidí sa láithreán táirgthe, go ndearnadh cóireálacha iomchuí lena áirithiú nárbh ann do na lotnaidí; go ndearnadh crios 1 km a shuí thart timpeall, a ndéantar monatóireacht air ag amanna iomchuí chun *Euwallacea fornicatus sensu lato* agus *Fusarium euwallaceae* a aimsiú agus i gcás ina n-aimsítear an lotnaid ar aon phlandaí óstacha, nach mór na plandaí sin a bhaint óna bhfréamh agus a scriosadh láithreach; (iv) díreach sula ndearnadh onnmhairiú, go raibh na coinsíneachtaí plandaí a raibh trastomhas 2 cm nó os a chionn sin ar bhonn an ghais acu faoi réir cigireacht oifigiúil chun an lotnaid a aimsiú, go háirithe ar ghais agus ar bhrainsí na bplandaí, lena n-áirítear trí shampláil dhíobhálach. Beidh méid an tsampla a bhfuil cigireacht le déanamh air leordhóthanach chun leibhéal inmhíolaithe 1 % ar a laghad a bhrath ar leibhéal muiníne 99 %; (b) áirítear i ndeimhnithe físeashláintíochta na bplandaí sin faoin gceannteideal 'Dearbhú Breise': (i) an ráiteas seo a leanas: 'Comhlíonann an choinsíneacht forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1213 ón gCoimisiún'; (ii) sonraíocht maidir leis an méid seo a leanas: — cén ceanglas faoi phointe (a) (iii) den iontráil seo atá comhlíonta, agus — na láithreáin táirgthe chláraithe nó an láithreán táirgthe cláraithe."